

CNUASLÁ FGL - EOLAS ÚSÁIDEACH EILE

Ionaid le haghaidh ceardlanna

Beidh roinnt de na scoileanna a mbeidh cnuaslá iontu ina scoileanna óstaigh do na ceardlanna FGL. Bainfear úsáid as Ionaid Oideachais freisin, má tá siad i ngar do chnuasach de scoileanna. Beidh sonraí na n-ionad le fáil ar sceideal na gceardlann ar féidir iad a íoslódáil ag an tairseach s'againn ag www.jctregistration.ie.

Is gá do scoileanna an sceideal seo a chur os comhair na múinteoirí tamall maith roimh chnuaslá na scoileanna, (m.sh. is féidir é a chur in áit lárnach ar chlár fógraí i seomra na foirne).

Uaireanta tosaithe agus críochnaithe

Tosaíonn na ceardlanna ar an gcnuaslá ar 9.15am. Is féidir le múinteoirí síniú isteach ó 9.00am. Chun taifead cruinn a éascú, iarrtar ar na múinteoirí uile a chinntiú go síníonn siad an rolla roimh imeacht ó cheann ar bith de na hionaid. Críochnóidh na ceardlanna ar 3:45in.

Sosanna agus Lón

Bíonn sos tae/caife ar fáil i lár na maidine. Bíonn lón ar fáil freisin ag gach ionad.



Teastas freastail agus foirmeacha costais

Ní eisiúnn an SSM teastais freastail i ndáil le cnuaslaethanta scoileanna.

Ba chóir don mhúinteoir foirmeacha éilimh a chomhlánú agus a sheoladh chuig a n-ionad Oideachais áitiúil le haghaidh a bpróiseála. (Féadann múinteoirí ó scoileanna BOO a gcuid

foirmeacha éilimh a sheoladh chuig a gceannoifig BOO).

Pearsanra Eile

Cuireann an SSM ceardlanna FGL ar leith ar fáil do cheannairí scoile ar bhonn leanúnach. Scríobhann an SSM go díreach chuig Príomhoidí na scoileanna chun na ceardlanna seo a fhógairt. Cuirimid fearadh na fáilte roimh cheannairí scoile a bheith i láthair ag ceann ar bith de na ceardlanna a chuirimid ar fáil ar an gcnuaslá.

Is gá do scoileanna socruithe ar leith a dhéanamh do chúntóirí riachtanais speisialta (CRSanna) ar chnuaslá.

Cén áit a bhfaighinn breis eolais?

www.jct.ie – Is é seo suíomh gréasáin sheirbhís tacaíochta scoileanna an SSM. Is í aidhm an SSM tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus iad ag cur Creat nua na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) oiriúnach d'ardchaighdeán a chur ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, agus trí acmhainní teagaisc agus foghlama éifeachtacha a sholáthar.

www.curriculumonline.ie – Is é seo suíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) mar a bhfaighidh tú na príomhdhoiciméid.

www.juniorcycle.ie - Sa suíomh gréasáin seo de chuid an CNCM gheobhaidh tú Uirlisí Úsáide an Mheasúnaithe a thugann tacaíocht agus cúnamh do mhúinteoirí agus iad ag dul den mheasúnú sa tsraith shóisearach.



Lean sinn ar Twitter [@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)

Tá foireann againn de chomhairleoirí lánaimseartha ar féidir teagmháil a dhéanamh leo trí ríomhphost ag info@jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers

An tSraith
Shóisearach
Eolas ar
Chnuaslá
FGL




Céard é Cnuaslá FGL na Sraithe Sóisearaí?

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag cur clár cuimsitheach d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar fáil chun tacú le scoileanna an Creat nua don tSraith Shóisearach (2015) a chur i bhfeidhm. Is í seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) a bhíonn ag soláthar na forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) seo.

De bharr líon mór na n-ábhar ina mbítear ag soláthar FGL ag an am amháin, tá an tsamhail thraidisiúnta i dtaca le soláthar FGL, a bhí lonnaithe in ionaid oideachais, mí-oiriúnach.

Ina iarracht chun an cur isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim a laghdú ag leibhéal na scoile tá an SSM ag oibriú le samhail dhifriúil den soláthar FGL le haghaidh FGL atá sainiúil don ábhar – an **CHNUAS-SAMHAIL**.

Is é a bhíonn i gceist leis an tsamhail nua seo, líon áirithe scoileanna (de ghnáth 6 go 8 scoil) i gceantar áirithe tíreolaíoch ag druidim do scoláirí an lá céanna ionas gur féidir leis na múinteoirí uile ó gach ceann de na scoileanna teacht le chéile ar mhaithe le freastal ar FGL a bhaineann leis an tSraith Shóisearach.



Conas a oibríonn sé?

1. Cláraíonn scoileanna a gcuid múinteoirí UILE le bheith rannpháirteach sa chnuas-samhail ar shuíomh cláraithe an SSM www.jctregistration.ie roimh ré, sa chaoi go mbeidh na múinteoirí UILE i láthair don FGL, is cuma cé acu a tugadh an tsonraíocht nua ábhair isteach fós nó nár tugadh.
2. Tar éis an phróisis chláráithe, eisíonn an SSM litir chuig gach scoil atá rannpháirteach a iarraidh ar an scoil dul arís ar an suíomh cláraithe, www.jctregistration.ie. Nuair a bheidh siad logáilte isteach ag an bpointe seo beidh scoileanna ábalta ar an gcnuasdáta s'acu a fheiceáil, lena n-áirítear an rogha chun breathnú ar sceideal na gceardlann dá gcuid múinteoirí uile. Sonraítear sa sceideal seo an t-ábhar ina bhfaighidh gach múinteoir cláraithe a gcuid FGL ar an gcnuaslá de réir an sceidil. Féadann an príomhoide, nó a ainmnitheach, aon athruithe ar an sceideal a dhéanamh ag an tráth seo más gá, ansin aon athruithe a shábháil agus an sceideal a phriontáil lena chur ar taispeáint i seomra foirne na scoile ionas go bhfeicfidh gach múinteoir é.
3. Níos cóngaraí do dháta an chnuasghrúpa scoileanna féin, de ghnáth seachtain nó dhó roimh ré, cuirfear i gcuimhne do scoileanna logáil isteach arís ar www.jctregistration.ie chun féachaint ar na hionaid agus a sceideal cheardlanna FGL dá gcnuaslá a phriontáil (mura bhfuil sé acu cheana). Beidh sonraí na gceardlann uile (m.sh., am tosaithe, ionad, srl.,) le fáil ar www.jctregistration.ie agus ar an sceideal is féidir le scoileanna a phriontáil.

Cé acu ceardlanna a chuirfear ar fáil ar chnuaslá?

Beidh an cúig cheardlann déag seo a leanas á gcur ar fáil ar chnuaslá scoileanna le linn na scoilbhliana 2017/2018.

Béarla

Eolaíocht

Staidéar Gnó

Gaeilge

Amharc-Ealaín

Nuatheangacha Iasachta

Matamaitic

Ceol

Eacnamaíocht Bhaile

Stair

Tíreolaíocht

Clár Foghlama
Leibhéal 2

Oideachas Saoránach, Sóis-
ialta agus Polaitiúil - OSSP

Corpoideachas

Gnéithe Digiteacha de
Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí
a Ghníomhachtú nó Prionsabail na
Sraithe Sóisearaí á gCur i nGníomh

Déanfaidh formhór na múinteoirí nach bhfuil sonraíocht nua dá n-ábhar ann fós freastal ar ár gceardlann "Gnéithe Digiteacha de Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí a Ghníomhachtú", nó ár gceardlann "An tSraith Shóisearach: Prionsabail á gCur i nGníomh".